HAP

Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta
Housing Assistance Payment

Leabhrán Eolais do Thionóntaí

Freagra le do chuid ceisteanna

Údaráis Áitiúla Éireann
Local Authorities Ireland

Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil
Environment, Community and Local Government

V.3 - Feabhra 2016

Clár Ábhair

Faoin leabhrán seo

1 Céard í an scéim um Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT)?

2 Cén buntáiste a bheidh le ÍCT domsa?

3 Cá mbeidh ÍCT ar fáil?

4 Conas a oibríonn ÍCT?

5 An bhfuil teorainneacha le híocaíochtaí ÍCT?

6 Cé atá incháilithe don ÍCT?

7 Céard iad na coinníollacha nach mór a shásamh don ÍCT?

8 Conas a chuirim iarratas isteach ar ÍCT?

9 Céard iad na cáipéisí a bheidh ag teastáil uaim nuair atá iarratas á dhéanamh ar ÍCT?

10 Cé chomh minic a íoctar ÍCT?

11 An mbeidh a fhios ag mo thiarna talún faoin ÍCT?

12 An bhfuil orm an éarlais a íoc?

13 Céard a tharlaíonn do mo Fhorlíonadh Cíosa má aistrím go ÍCT?

Acmhainní faisnéise úsáideacha

Faoin leabhrán seo

Tá sé mar aidhm leis an leabhrán seo aon cheisteanna a d'fhéadfadh a bheith agat, mar thionónta, faoi scéim nua na n-údarás áitiúil um Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta – ÍCT, a fhreagairt.

1 Céard í an scéim um Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT)?

Tacaíocht tithíochta sóisialaí nua atá á tabhairt isteach ag údaráis áitiúla í an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT). Tiocfaidh ÍCT in áit Forlíonadh Cíosa dóibh siúd a bhfuil riachtanas tithíochta fadtéarmaí acu agus a cháilíonn le haghaidh tacaíocht tithíochta sóisialaí. Ciallaíonn tabhairt isteach ÍCT gur féidir le húdaráis áitiúla cúnamh tithíochta a sholáthar anois do theaghlaigh a bhfuil riachtanas tithíochta fadtéarmaí acu, lena n-áirítear go leor faighteoirí fadtéarmacha an Fhorlíonaidh Chíosa.

Táthar tar éis ÍCT a dhearadh chun córas reatha na dtacaíochtaí tithíochta a shimpliú agus ceadaíonn sí do theaghlaigh a aimsíonn fostaíocht lánaimseartha fanacht sa scéim. Má tá tú incháilithe agus má fhaomhtar le haghaidh ÍCT thú, íocfaidh d'údarás áitiúil do chíos míosúil, faoi réir ag teorainneacha cíosa, díreach le do thiarna talún ar do shon. I ndíol sin, íocfaidh tú ranníocaíocht leis an údarás áitiúil i dtreo do chuid cíosa. Is éard a bheidh anseo ná 'cíos difreálach' a chiallaíonn go bhfuil sé bunaithe ar ioncam seachtainiúil an teaghlaigh sa chaoi céanna ina ngearrtar cíosanna difreálacha ar thionóntaí i dtithíocht na n-údarás áitiúil.

2 Cén buntáiste a bheidh le ÍCT domsa?

Le ÍCT:

- Ceadófar duit iarratas a chur isteach ar na tacaíochtaí tithíochta uile trí d'údarás áitiúil. Beidh d'údarás áitiúil ina ionad ilfhreastail i dtaca leis na tacaíochtaí tithíochta uile.
- Ceadófar duit dul i mbun fostaíochta lánaimseartha gan d'íocaíocht ÍCT a chailleadh.
- Cinnteofar go gcomhlíonann do chuid cóiríochta caighdeáin chíosa. Déanfaidh d'údarás áitiúil do chuid cóiríochta a scrúdú chun a chinntiú go sásaíonn sí na caighdeáin um chóiríocht ar cíos.

3 Cá mbeidh ÍCT ar fáil?

Cuireadh tús le feidhmiú an ÍCT i líon beag údarás áitiúil in 2014. Tá ÍCT á tabhairt isteach ar bhonn céimnithe in údaráis áitiúla ar fud na tíre. Déan teagmháil le d'údarás áitiúil chun tuilleadh eolais a fháil.

Cuireadh tús le ÍCT píolótach speisialta do theaghlaigh gan dídean i réigiún Bhaile Átha Cliath (Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Comhairle Contae Fhine Gall, Comhairle Contae Átha Cliath Theas agus Comhairle Contae Dhún Laoghaire Ráth an Dúin) freisin.

4 Conas a oibríonn ÍCT?

a) Na faighteoirí ÍCT a bheidh freagrach as a gcóiríocht ar cíos féin a aimsiú san earnáil chóiríochta príobháidí ar cíos. Ní mór go mbeadh an chóiríocht sin laistigh de theorainneacha cíosa ÍCT, atá bunaithe ar mhéid do theaghlaigh agus an margadh cíosa i do cheantar. Cuirfidh d'údarás áitiúil na teorainneacha cíos in iúl duit.

b) Íocfaidh d'údarás áitiúil do chuid cíosa díreach le do thiarna talún an Chéadaoin dheireanach de gach mí, ar do shon. Tá sé seo faoi réir coinníollacha áirithe, lena n-áirítear an coinníoll go n-íocfaidh tú ranníocaíocht chíosa le d'údarás áitiúil.

Tabhair faoi deara nach ndéanfhaidh d'údarás áitiúil aon íocaíochtaí ÍCT le do thiarna talún roimh an dáta a fhaigheann siad foirm iarratais ÍCT bailí agus iomlán uait agus ó do thiarna talún. Má bhogann tú isteach i dídean roimh an dáta sin beidh ort féin aon cíos a íoc don tréimhse sin. Moltar duit an t-iarratas ÍCT bailí agus iomlán a chuir ar ais chuig d'údarás áitiúil a luaithe is féidir tar éis tionóntacht a aontú le do thiarna talún.

c) Clúdófar do thionóntacht faoi théarmaí an Achta um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 (ATC) (arna leasú). Ciallaíonn sé seo go bhfuil, nó go mbeidh, an comhaontú tionóntachta ann idir tusa agus do thiarna talún. **Níl** an t-údarás áitiúil mar thiarna talún agat. Is é an tiarna talún an té lenar rinne tú an comhaontú cíosa agus a íocann an t-údarás áitiúil an cíos leo. Lena chois sin, faoin ATC, ní mór don tiarna talún do thionóntacht a chlárú leis an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha (PRTB).

d) Faoin ÍCT, ceadaítear duit obair go lánaimseartha agus leanúint ag baint leasa as ÍCT. Leanfaidh na híocaíochtaí le do thiarna talún, ach méadóidh méid na ranníocaíochta cíosa a íocann tú le d'údarás áitiúil i gcomhréir le do chuid ioncaim.
e) Beidh ort do ranníocaíocht chíosa a íoc tríd an seirbhís um Buiséad Teaghlaigh má tá

íocaíochtaí leasa shóisialaigh á bhfáil agat atá á íoc trí Oifig an Phoist.
f) Déanfaidh d'údarás áitiúil do chuid cóiríochta a scrúdú laistigh d'ocht mí ón gcéad íocaíocht ÍCT a déantar le do thiarna talún. Déanfar é seo chun a chinntiú go sásaíonn do chuid cóiríochta na caighdeáin um chóiríocht ar cíos.

g) Nuair atá ÍCT á fáil agat, tá do chuid riachtanas tithíochta á sásamh agus ní bheidh tú ar liosta tithíochta an údaráis áitiúil. Mar sin féin, beidh tú in ann iarratas a dhéanamh aistriú go cineálacha eile tithíochta sóisialaí, mar shampla teach de chuid an údaráis áitiúil. Nuair a fhaomhtar le haghaidh ÍCT thú, gheobhaidh tú litir agus foirm le hiarratas a dhéanamh ar aistriú ó d'údarás áitiúil. Má dhéanann tú iarratas ar aistriú laistigh de choicís ó dháta na litreach cuirfear aon am a chaith tú ar an liosta tithíochta roimh dul i mbun ÍCT san áireamh nuair a bhreithníonn d'údarás áitiúil ar d'iarratas. Ciallaíonn sé seo gur féidir tú a chur ar liosta aistrithe d'údaráis áitiúil ag an bpointe inar fhág tú an liosta tithíochta. I bhfocail eile, ní gá duit tosú ón tús. Is féidir leat iarratas a dhéanamh ar aistriú ag dáta níos déanaí freisin, ach ní chuirfear san áireamh an t-aga feithimh a bhí agat ar an liosta tithíochta roimhe sin.

h) Nuair a fhaomhtar le haghaidh ÍCT thú, beifear ag súil go bhfanfaidh tú sa réadmhaoin chéanna ar feadh dhá bhliain ar a laghad. Mar sin féin, d'fhéadfadh go mbeifeá in ann iarratas a dhéanamh ar íocaíocht ÍCT nua le haghaidh réadmhaoin eile tráth níos luaithe má thagann athrú ar do chuid cúinsí. Mar shampla, má thairgtear post leat i mbaile eile, nó má bheirtear páiste eile do do chlann agus nach bhfuil an réadmhaoin mór go leor níos mó.

5 An bhfuil teorainneacha le híocaíochtaí ÍCT?

Tá. Faoi reachtaíocht ÍCT, sonraíonn an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil teorainneacha le haghaidh íocaíochtaí ÍCT bunaithe ar an líon daoine i dteaghlach agus an margadh cíosa sa cheantar. I dtús báire, de réir mar atá ÍCT á tabhairt isteach, beidh na teorainneacha seo bunaithe ar theorainneacha reatha an Fhorlíonaidh Chíosa. Is féidir leat a thuilleadh eolais a fháil ar na teorainneacha a bhaineann le cóiríocht a oireann do do theaghlach ó d'údarás áitiúil.

6 Cé atá incháilithe don ÍCT?

Le bheith incháilithe don ÍCT, ní mór ar dtús go ndéanfá iarratas le d'údarás áitiúil ar thacaíocht tithíochta sóisialaí agus go bhfaomhfaí thú ina leith. Má tá do theaghlach ar liosta tithíochta d'údaráis áitiúil cheana féin beidh tú incháilithe don ÍCT. Má tá tú ar liosta tithíochta d'údaráis áitiúil agus go bhfuil Forlíonadh Cíosa á fháil agat faoi láthair, beidh tú

incháilithe don ÍCT.

Beidh Forlíonadh Cíosa ar fáil go fóill ón Roinn Coimirce Sóisialaí do dhaoine nach gcáilíonn don tacaíocht tithíochta sóisialaí - mar shampla, duine atá dífhostaithe go sealadach. De ghnáth, ní mór duit a léiriú go bhfuil cóiríocht ar cíos agat san earnáil phríobháideach ar feadh ar a laghad sé mhí den bhliain deireanach agus go mbeadh d'acmhainn agat an cíos a íoc ag tús na tionóntachta. D'fhéadfadh go gcáileofá freisin má tá Forlíonadh Cíosa faighte agat ag am ar bith i gcaitheamh an 12 mhí sula ndéantar iarratas.

7 Céard iad na coinníollacha nach mór a shásamh don ÍCT?

Ionas go n-íocfadh an t-údarás áitiúil do chuid cíosa díreach le do thiarna talún, ní mór duit na coinníollacha seo a leanas a shásamh:

a) Ní mór duit do ranníocaíocht chíosa seachtainiúil a íoc leis an údarás áitiúil. Mura n-íocann tú an ranníocaíocht chíosa seo, stopfar nó cuirfear ar fionraí na híocaíochtaí ÍCT le do thiarna talún.

b) Ní mór duit, nó aon bhall den teaghlach, gan tabhairt faoi iompar frithshóisialta.

c) Ní mór don chóiríocht agat na caighdeáin um chóiríocht ar cíos a shásamh. Déanfaidh d'údarás áitiúil an chóiríocht a scrúdú chun a chinntiú go sásaíonn an réadmhaoin na caighdeáin seo. Socrófar go ndéanfar an scrúdú seo laistigh d'ocht mí ón uair a déantar an chéad íocaíocht ÍCT le do thiarna talún.

d) Ní mór go mbeadh do thiarna talún comhlíontach ó thaobh cánach de - is é sin, ní mór go mbeadh gnóthaí cánach an tiarna talún in ord agus ní mór go mbeadh siad in ann deimhniú imréitigh cánach reatha a sholáthar don údarás áitiúil.

D'fhéadfadh nach bhfaomhfadh d'údarás áitiúil iarratas ÍCT mura bhfuil an chóiríocht oiriúnach do riachtanais do theaghlaigh. Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin gur féidir le d'údarás áitiúil cinneadh a ghlacadh gan íocaíochtaí ÍCT a dhéanamh i gcúinsí áirithe - mar shampla, d'fhéadfadh siad íocaíochtaí a stopadh más rud é go mbíonn duine den teaghlach gafa in iompar frithshóisialta.

8 Conas a chuirim iarratas isteach ar ÍCT?

Chomh luath agus atá tú incháilithe le haghaidh tacaíocht tithíochta sóisialaí, tá tú incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar ÍCT.

Má tá tú ar liosta feithimh d'údaráis áitiúil cheana féin, is féidir leat an fhoirm iarratais um ÍCT a iarraidh agus do chóiríocht féin a aimsiú. Ní gá an fhoirm iarratais um ÍCT a chomhlánú go dtí tráth **tar éis** duit cóiríocht a oireann duit a aimsiú. D'fhéadfadh gur do chóiríocht reatha a bheadh anseo má tá Forlíonadh Cíosa á fháil agat. Más é seo an scéal, beidh ort labhairt le do thiarna talún toisc nach mór dóibh sin aontú le téarmaí agus coinníollacha na scéime ÍCT.

Má tá Forlíonadh Cíosa á fháil agat ar feadh tréimhse ama suntasach, d'fhéadfadh an Roinn Coimirce Sóisialaí iarraidh ort dul i dteagmháil le d'údarás áitiúil faoi d'incháilitheacht um thacaíocht tithíochta sóisialaí agus iarratas a dhéanamh ar ÍCT.

9 Céard iad na cáipéisí a bheidh ag teastáil uaim nuair atá iarratas á dhéanamh ar ÍCT?

Más iarratasóir nua ar thacaíocht tithíochta sóisialaí thú, ní mór duit ar dtús an fhoirm iarratais um thacaíocht tithíochta sóisialaí a chomhlánú. Ansin beidh ort d'fhoirm chomhlánaithe a sheoladh chuig d'údarás áitiúil i dteannta leis na cáipéisí **uile** atá riachtanach chun do chás a mheas. Gheobhaidh tú liosta de na cáipéisí seo ar an bhfoirm iarratais um thacaíocht tithíochta sóisialaí ó d'údarás áitiúil.

Nuair a fhaomhtar le haghaidh tacaíocht tithíochta sóisialaí thú, nó má tá tú ar liosta tithíochta d'údaráis áitiúil cheana féin, beidh ort an fhoirm iarratais ÍCT a chomhlánú. **Caithfidh** tusa agus an tiarna talún an fhoirm seo a shíniú. Baineann formhór na faisnéise ar an bhfoirm seo leis an gcóiríocht, agus áirítear ar an bhfoirm codanna ar leith le comhlánú ag do thiarna talún. D'fhéadfadh gurb í an chóiríocht an réadmhaoin ina bhfuil cónaí ort cheana féin má tá Forlíonadh Cíosa á fháil agat faoi láthair, agus go n-aontaíonn do thiarna talún reatha tabhairt faoin scéim ÍCT. Féadfaidh tiarna talún a chuidse/a cuidse den Fhoirm Iarratais ÍCT (Roinn B) a chur ar aghaidh ar leithligh chuig an údarás áitiúil, in éineacht leis an eolas ábhartha.

Má fhaomhtar d'iarratas, beidh ort Comhaontú um Ranníocaíocht Chíosa a shíniú le d'údarás áitiúil. D'fhéadfadh go n-iarrfaí ort freisin cóip a sholáthar den chomhaontú tionóntachta le do thiarna talún. D'fhéadfadh go n-iarrfaí ar do thiarna talún roinnt cáipéisí breise a sholáthar freisin - mar shampla, deimhniú imréitigh cánach.

10 Cé chomh minic a íoctar ÍCT?

De ghnáth, déanfar íocaíocht ÍCT ag clúdach do chuid cíosa le do thiarna talún an Chéadaoin dheireanach de gach mí, ar an gcoinníoll go gcloíonn tú le téarmaí na scéime.

11 An mbeidh a fhios ag mo thiarna talún faoin ÍCT?

B'fhéidir go mbeadh, ach, toisc gur scéim nua í ÍCT agus nach bhfuil sí ar fáil i ngach ceantar na n-údarás áitiúil go fóill, tá seans ann nach mbeidh siad ar an eolas fúithi. Dá mba mhaith leat aird do thiarna talún a tharraingt ar ÍCT, tabharfaidh d'údarás áitiúil leabhrán faisnéise duit ar féidir leat a thabhairt don tiarna talún. Míneoidh an leabhrán conas mar a oibríonn ÍCT do thiarnaí talún.

12 An bhfuil orm an éarlais a íoc?

Tá. Faoin ÍCT, **ní** íocfaidh an t-údarás áitiúil éarlais le do thiarna talún. Beidh tú freagrach as an éarlais a íoc tú féin. I roinnt cúinsí eisceachtúla, d'fhéadfadh go mbeifeá incháilithe iarratas a dhéanamh ar íocaíocht um 'riachtanas eisceachtúil' ón Roinn Coimirce Sóisialaí chun cúnamh a fháil éarlais a íoc. Tá sé seo faoi réir faofa na Roinne Coimirce Sóisialaí.

13 Céard a tharlaíonn do mo Fhorlíonadh Cíosa má aistrím go ÍCT?

Má thugann tú faoin scéim ÍCT, stopfaidh do chuid íocaíochtaí um Fhorlíonadh Cíosa a luaithe agus a fhaigheann do thiarna talún an chéad íocaíocht ÍCT.

Leanfaidh an Roinn Coimirce Sóisialaí ar aghaidh ag íoc Forlíonadh Cíosa le tionóntaí nach gcáilíonn don tacaíocht tithíochta sóisialaí - mar shampla, duine a chailleann ioncam mar thoradh ar dhífhostaíocht sealadach. Nuair a fhilleann siad ar an obair, níl gá le tacaíocht níos mó.

Acmhainní faisnéise úsáideacha:

Le haghaidh tuilleadh eolais faoi ÍCT, tabhair cuairt ar shuíomh gréasáin na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil: **www.environ.ie** nó an suíomh gréasáin um Fhaisnéis do Shaoránaigh: **www.citizensinformation.ie**